**Leasú 1**
**Robert Hajšel, rapóirtéir**

**Tuarascáil** **A9-0379/2023**
**Robert Hajšel**
An Banc Eorpach Hidrigine
(2023/2123(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 28**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 28. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh AggregateEU gníomhú mar threoirthionscadal d'fhorbairt an mhargaidh hidrigine faoin EHB; ***ag*** iarraidh ar an gCoimisiún measúnú ***tionchair*** a dhéanamh ***faoin 31 Nollaig 2026 maidir le*** sásra ***buan chun hidrigin a cheannach go comhpháirteach faoi Ardán Fuinnimh an Aontais Eorpaigh***; á chreidiúint go bhféadfaí an measúnú sin a bhunú ar mhionanailís ar na samhlacha imleora comhair cuideachta agus ar an bhféidearthacht go ndéanfaí scéimeanna ráthaíochta a chruthú faoina bhféadfaí cuideachtaí níos lú agus FBManna a fhostú go héifeachtach; | 28. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh AggregateEU gníomhú mar threoirthionscadal d'fhorbairt an mhargaidh hidrigine faoin EHB; ***á*** iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ***ar fhorbairt*** sásra ***i gcomhair comhiomlánú deonach éilimh agus ceannach comhpháirteach hidrigine agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur isteach chuige sin***; á chreidiúint go bhféadfaí an measúnú sin a bhunú ar mhionanailís ar na samhlacha imleora comhair cuideachta agus ar an bhféidearthacht go ndéanfaí scéimeanna ráthaíochta a chruthú faoina bhféadfaí cuideachtaí níos lú agus FBManna a fhostú go héifeachtach; |

Or. en